



Ciorclán 0070/2026

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Iar-bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus
Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Dioplóma Iarchéime Leibhéal 9 CNC san Oideachas Sóisialta,
Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
(OSPS/OCG) – Clár 2027**

1. Réamhrá

Tá an Roinn Oideachais agus Óige ag cur clár oiliúna iarchéime ar fáil do mhúinteoirí atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid scileanna maidir le OSPS/OCG a theagasc in iar-bhunscoileanna. Tá sé mar aidhm ag an gclár cumas agus ceannaireacht múinteoirí a neartú maidir le OSPS/OCG a theagasc. Beidh an deis forbartha gairmiúla seo ar fáil do mhúinteoirí i mí Eanáir 2027.

2. Clár oiliúna iarchéime 2027

Is í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) a chuirfidh an clár ar fáil.

Gheobhaidh múinteoirí a n-éiríonn leo an clár a chríochnú, dámhachtain Leibhéal 9 de Cháilíocht Náisiúnta na hÉireann (CNC) agus Dioplóma Iarchéime in OSPS/OCG.

3. Maoiniú

Tá an clár á mhaoiniú ag Rannóg Foghlama Gairmiúla Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Óige.



4. Aidhm agus ábhar

Tá an clár deartha go sonrach chun uasoiliúint agus cur ar chumas múinteoirí iar-bhunscoile cláraithe a gcróí-inniúlachtaí a shealbhú, a fhorbairt agus a chur chun cinn agus iad i mbun teagaisc OSPS/OCG ag leibhéil na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. Cuimsíonn an clár trí réimse d'fhoghlaim ghairmiúil d'aon ghnó, mar atá, forbairt phearsanta, scileanna agus eolas.

Is iad múinteoirí iar-bhunscoile atá ag múineadh OSPS/OCG faoi láthair agus a bhfuil post múinteoireachta buan nó conradh tréimhse éiginnte (CTÉ) acu atá mar spriocghrúpa maidir le rannpháirtíocht sa chlár. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh OSPS múinte ag múinteoirí sa tsraith shóisearach agus OSPS agus/nó OCG sa tsraith shinsearach ar feadh bliana acadúla amháin ar a laghad. Tá sé inmhianaithe go mbeadh ról ag na rannpháirtithe i gcomhordú OSPS/OCG ina scoil nó gur mhaith leo an deis a bheith acu an ról seo a bheith acu amach anseo.

5. Ceanglais maidir le páirt a ghlacadh

Chun páirt a ghlacadh sa chlár forbartha gairmiúla iarchéime, ní mór do mhúinteoirí:

- Fianaise a sholáthar go bhfuil oiliúint tosaigh san OSPS agus/nó OCG curtha i gcrích acu, mar shampla an oiliúint a chuir Oide ar fáil (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus/nó an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) roimhe seo).
- Tabhair faoi deara go bhfuil fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith críochnaithe ag teastáil.
- Deimhniú a fháil óna bpríomhoide scoile go mbeidh siad ar an gclár ama chun OSPS/OCG a mhúineadh ar feadh ré an chlár agus ina dhiaidh sin agus amach anseo.



- A bheith cláraithe de réir Alt 31 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001-2015. Déan tagairt do shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise. Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin¹ ón gComhairle Múinteoireachta a chur isteach, agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má tá an réimse “Bealach” bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach le múineadh in earnáil na hiar-bhunscoile príomhshrutha.
- A bheith fostaithe mar mhúinteoir i bpost múinteoireachta atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige agus a mhúineann, agus a leanfaidh ar aghaidh ag múineadh, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Caidrimh agus Oideachas Gnéasachta in iar-bhunscoil aitheanta.

6. Soláthraí an Chúrsa

Institiúid Oideachais OCBÁC

Campas Phádraig OCBÁC

Droim Conrach

Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO

(www.dcu.ie).

Is í Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann an clár seo ar fáil agus bronntar Diplóma larchéime ar Leibhéal 9 den CNC san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (*Dioplómalarchéime OSPS/OCG*).

7. Fad agus suíomh

Maireann an clár ar feadh bliana féilire amháin agus cuirtear i gcrích é trí chur chuige foghlama cumaisc. Le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Óige, is

¹ Tá Teastais Chlárúcháin ar fáil le híoslódáil trí logáil isteach ar an tairseach Mo Chlárú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie



féidir múinteoirí a scaoileadh ar feadh ceithre seachtaine (20 lá) san iomlán chun freastal ar sheisiúin phearsanta. Reáchtálfar an chuid is mó de na seisiúin phearsanta in OCBÁC, agus reáchtálfar cúpla seisiún in Ionad Tacaíochta Oideachais – agus deimhneofar a shuíomh níos déanaí.

8. Cur chuige an chláir

Beidh cur chuige foghlama cumaisc solúbtha i gceist leis an gclár ina gcuimseofar:

- Freastal, go pearsanta, ar léachtaí agus ceardlanna arna n-éascú trí shraith laethanta blocscaoileadh ón scoil a mhairfidh ar feadh ceithre seachtaine (20 lá) ar a mhéad ar fud an chláir bliana,
- freastal ar scoil samhraidh de réir mar is gá,
- foghlaim ar líne, freastal ar thuairim is léacht/ceardlann/seimineár amháin, a mhairfidh dhá uair an chloig, in aghaidh na seachtaine ar fud bhliain acadúil OCBÁC
- fianaise ar chleachtas gairmiúil a chruthú agus a fhorbairt a raibh an scoláire rannpháirteach ann le linn an chláir,
- rannpháirtíocht i bpobail foghlama gairmiúla (PFGanna),
- rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin ghairmiúla le meantóirí/teagascóirí clár.

Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh rochtain ag rannpháirtithe ar ríomhaire agus rochtain iontaofa leathanbhanda ar an idirlíon.

9. Measúnacht

Déanfar rannpháirtithe a mheasúnú bunaithe ar:

- freastal riachtanach an chláir,
- tascanna roghnaithe agus scríofa a chur i gcrích go rathúil,
- fianaise a chur isteach ar chleachtais a bhfuil baint acu leo trí ardán Timpeallachta Foghlama Fíorúla na hOllscoile,



- rannpháirtíocht i bpobail foghlama gairmiúla (PFGanna), agus
 - rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin ghairmiúla le meantóirí/teagascóirí clár.
- Cuirfidh OCBÁC tuilleadh sonraí faoin measúnú ar fáil do na rannpháirtithe.

10. Conas iarratas a dhéanamh agus an dáta deiridh d'iarratais

Ba chóir d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an fhoirm iarratais ar líne ag <https://www.dcu.ie/gdip-sphe-rse>. Lean na treoracha, agus cinntigh go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas seo.

Osclofar iarratais ar an 5 Deireadh Fómhair 2026 agus ní mór iad a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar líne faoi 5pm, an 4 Samhain 2026.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheoltar tríd an bpost chuig OCBÁC.

11. Roghnú

Is faoi údaráis OCBÁC a bheidh sé rannpháirtithe a roghnú i measc na n-iarratasóirí incháilithe.

12. Táillí an Chláir

Ní bhainfidh aon táille ná táillí clárúcháin le hiarratasóirí atá incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

13. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar saoire phearsanta bhreise i dtaca le freastal ar an gClár.

14. Ionadú

Ceadófar ionadú, nach mór d'údarás bainistíochta na scoile a cheadú, ar feadh ceithre seachtaine (20 lá) den tréimhse scaoilte san iomlán. Soláthróidh



OCBÁC dátaí na laethanta faoi seach. Ní mór go meastar go bhfuil an t-ionadú riachtanach chun tréimhsí asláithreachta an mhúinteora arna bhfaomhadh ó dhualgas teagaisc chun freastal ar an gcúrsa a chumhdach. Ní mór don scoil doiciméid ó OCBÁC ina sonraítear mionsonraí na neamhláithreachta a choinneáil. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach soláthróidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta íoctha i gcás ina dtógann múinteoir saoire phearsanta le linn ghné bhlocscaoilte an Chláir.

15. Socrúcháin Tuarastail

Leanfaidh gach múinteoir atá ar bhlocscaoileadh faoi théarmaí an Chláir seo, a dtuarastal a fháil ar an ngnáthbhealach.

Tabhair faoi deara, nach mbeidh teidlíocht chun íocaíochta breise ón Roinn Oideachais agus Óige mar thoradh ar an gclár sin a chur i gcrích go rathúil.

16. Taistil agus Cothú

Tabhair faoi deara nach ndéanfar aon aisíocaíocht ar aon chostais taistil ná chothaithe a thabhoídh rannpháirtithe sa chlár ar ábhar don Chiorclán seo.

17. Leasuithe maidir leis an Sceideal Tásach

Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh gá le gnéithe áirithe den chlár a leasú de réir chomhairle an Rialtais agus/nó na hOllscoile maidir le srianta don bhliain acadúil 2026/2027, mar shampla mar gheall ar dhrochaimsir nó ar chomhairle sláinte poiblí.

Anne Marie Doherty

Príomhoifigeach

Rannóg Foghlama Gairmiúla Múinteoirí agus Luathbhlianta

5 Deireadh Fómhair 2026



AGUISÍN 1

Tá na Ciorcláin seo a leanas ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige. www.gov.ie/education:

<u>0031/2011</u>	Clárú agus Cáilíochtaí Earcaíochta Múinteoirí – Iar-bhunscoil
<u>0025/2013</u>	Riachtanas ar Mhúinteoirí i Scoileanna Aitheanta Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
<u>0052/2013</u>	Nósanna Imeachta maidir le Tosach Feidhme Alt 30 sa Scoil Aitheanta